NRA
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
National Roads Authority

# Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2013





# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| Réamhrá an Chathaoirligh | | 2 |
| Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh | | 3 |
| Caibidil 1: | Bainistíocht Gréasáin | 5 |
| Caibidil 2: | Feabhsúcháin an Ghréasáin | 9 |
| Caibidil 3: | Seirbhísí Taighde agus Speisialtachta | 11 |
| Caibidil 4: | Faisnéis faoin Údarás um Bóithre Náisiúnta | 15 |
| Ráitis Airgeadais | | 18 |
| Comhaltaí Boird | | 41 |

# Réamhrá an Chathaoirligh

Seo an tuarascáil bhliantúil den Údarás don chéad bhliain dom mar Chathaoirleach.

Is ábhar mór sásaimh dom gur fhill an tÚdarás ar na margaí caipitiúla in 2013, agus gur infheistigh an earnáil phríobháideach in CPP bhóithre na hÉireann den chéad uair le roinnt mhaith blianta anuas. Bhain páirt lárnach leis an bhfeabhsúchán a tháinig ar sheasamh airgeadais na hÉireann leis an bhfáil a bhí ar an gcistiú seo, ach ba thoisc thábhachtach taifead an Údaráis le CPPanna a sheachadadh chomh maith.

Rinneadh dul chun cinn maith in go leor gnéithe, agus cuimsítear sa tuarascáil sonraí faoi mhéid na gníomhaíochta agus faoin gcur chuige díocasach agus nuálach atá á ghlacadh chun na tairbhí don phobal a uasmhéadú a bhaineann lena ngréasán náisiúnta bóithre.

Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl dár n-iar-Airí agus dár nAirí reatha, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, mo chomhghleacaithe ar an mBord, agus foireann an Údaráis, agus táim ag tnúth leis go mbeidh rath leanúnach orainn sna blianta amach anseo.

Cormac O'Rourke
*Cathaoirleach*

# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá sé de chuspóir ag an Údarás feabhas a chur ar cháilíocht beatha daoine, agus ar iomaíocht náisiúnta gheilleagrach, trí ghréasán bóithre náisiúnta a fhorbairt, a chothabháil agus a oibriú ar bhealach sábháilte, costéifeachtúil agus inmharthana.

Bhí an rath geal orainn in 2013 ina leith seo.

Ghlac an tÚdarás le freagracht dhíreach as bainistíocht, oibriú agus cothabháil an ghréasáin débhealaigh in 2013, nuair a aistríodh an fhreagracht ó na húdaráis áitiúla. Táthar ag súil le comhsheasmhacht fheabhsaithe sna caighdeáin, agus i luach ar airgead trí thairiscint iomaíoch agus barainneacht scála.

I measc na bhforbairtí eile suntasacha, bhí conarthaí dara glúin a chur ar tairiscint chun tolláin Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí a oibriú, agus chun seirbhísí idir-inoibritheachta a sholáthar d'oibreoirí dolaí.

Tá deich gComhpháirtíocht Phríobháideacha Phoiblí á n-oibriú, ach níorbh fhéidir leo comhaontú a dhéanamh ar aon chonarthaí nua le roinnt blianta anuas, mar gheall nár spéis le hiasachtóirí a thuilleadh in infheistiú a dhéanamh inár dtionscadail. Tháinig athrú ar an gceist sin in 2013, nuair a síníodh conradh CPP le haghaidh bóthar feabhsaithe idir an tInbhear Mór agus Ráth Naoi, mar aon le huasghrádú d'acomhal Chrois an Fhearainn Nua i mBaile Átha Cliath, agus ionad seirbhíse a thógáil lasmuigh de Ghuaire.

Táimid anois lán-mhuiníneach maidir le clár spreagthaigh CPP an Rialtais a sholáthar, agus tá tógáil na scéimeanna ón nGort go Tuaim, seachbhóthar Ros Mhic Thriúin, agus ó Ghuaire go hInis Córthaidh le tosú in 2014 agus in 2015.

Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl dár n-iar-Airí seo agus dár nAirí reatha, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, mo chomhghleacaithe ar an mBord agus, go háirithe, ár gCathaoirleach, Cormac O'Rourke, foireann na hoifige réigiúnaí, agus foireann uile an Údaráis.

Ina theannta sin, is mian liom an iomaí soláthraí seirbhíse agus conraitheoir a aithint agus buíochas a ghabháil leo as ucht feidhm chomh lárnach sin a bheith acu inár ngnó laethúil.

Fred Barry
*Príomhfheidhmeannach*

# Caibidil 1 Bainistíocht Gréasáin

Tá méadú céimnitheach tagtha ar fheidhm an Údaráis in oibriú agus i gcothabháil an ghréasáin náisiúnta bhóithre le himeacht na mblianta ó bunaíodh an tÚdarás faoi théarmaí Acht na mBóithre, 1993. Sonraíodh teacht chun cinn na feidhme seo ní ba mhó le blianta beaga anuas ná mar a sonraíodh riamh, nuair a cuireadh i gcrích an mórghréasán idiruirbeach mótarbhealaigh agus leis an gceanglas chun píosaí fíor-chasta de bhonneagar bóthair a bhainistiú.

Ar thaobh amháin den phingin, is éard atá sa ghréasán bóithre náisiúnta ná mótarbhealaí nua-aimseartha a tógadh le déanaí ar a bhfuil pábháil bhóthair, struchtúir dhroichid agus gnéithe eile atá dea-dheartha agus go hiomlán sonraithe agus a chomhlíonann na caighdeáin deartha is déanaí. Ar an taobh eile den phingin, tá againn na bealaí leagáide ísealmhéide - na bealaí náisiúnta cósta den dara grád go príomha, a tháinig chun cinn le himeacht aimsire agus nach gcomhlíonann caighdeáin nua-aimseartha tríd is tríd, i dtaobh ailíniú, trasghearrtha nó struchtúr pábhála. Go hachomair, bainistíonn an tÚdarás dhá líonra ar leith agus éagsúla agus tá orainn anois, níos mó ná riamh, glacadh le cur chuige sainiúil agus oiriúnach i leith bhainistiú na líonraí seo.

Ghlac an tÚdarás le freagracht dhíreach as bainistíocht, oibriú agus cothabháil an ghréasáin débhealaigh in 2013, nuair a aistríodh an fhreagracht ó na húdaráis áitiúla. Táthar ag súil le comhsheasmhacht fheabhsaithe sna caighdeáin, agus i luach ar airgead trí thairiscint iomaíoch agus barainneacht scála.

Roinneadh an tír ina trí réigiún ar mhaithe le cuspóirí oibríochtúla, agus tá conradh ar leith ilbhliana le haghaidh gach réigiúin. Is éard atá ar intinn leis seo ná go ndéanfar bainistíocht ar an líonra iomlán mótarbhealaigh (CPP agus neamh-CPP) i leith caighdeán comhsheasmhach agus costéifeachtúil.

## An tIonad Rialaithe Tráchta

Is cuid ríthábhachtach monatóireacht a dhéanamh ar an líonra agus cumarsáid a dhéanamh le húsáideoir na bóithre de na hoibríochtaí laethúla líonra agus is ceanglas anois é a leag an AE síos.

Tá Ionad Rialaithe Tráchta Mótarbhealaigh (IRTM) ag an Údarás, atá lonnaithe ag Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath. Is é a bhunchuspóir chun monatóireacht a dhéanamh ar ghluaiseachtaí tráchta agus chun úsáideoirí bóthair a chur ar an eolas, trí Chomharthaí Ilteachtaireachta (VMS) agus foláirimh ríomhphoist, d'imeachtaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt orthu, a chuireann ar a gcumas acu cinntí oiriúnacha taistil a dhéanamh.

Sa mhullach ar mhonatóireacht a dhéanamh ar an trácht, rinne an IRTM bainistiú ar ghlaonna ó bhreis agus 1,200 Guthán Freagartha Éigeandála (GFÉ).

Chun teacht ar bhreis faisnéise ar Sheirbhísí Faisnéise Taistil, tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Údaráis: *www.nratraffic.ie*.

## Pábháil

Baintear den phábháil agus téann sí i léig i ngeall ar ualú leanúnach tráchta agus ar nochtadh do luaineachtaí sa teocht agus i gcion taise; féadfaidh pábháil líon lochtanna feidhme agus struchtúrtha a léiriú dá dheasca chomh maith. Ina measc seo tá:

- rianú ag lorg rothaí;
- gairbhe a mhéadú;
- scoilteadh, agus
- caillteanas um sheasmhacht sciorrtha.

Tugann an tÚdarás faoi shuirbhéanna bliantúla ar an mbail atá ar an ngréasán. Is éard a bhíonn i gceist leis na suirbhéanna seo an bhail a thomhas agus a thaifeadadh atá ar an ngréasán iomlán bóithre náisiúnta trí leas a bhaint as feithiclí speisialaithe a iompraíonn fearais shofaisticiúla léasair, físeáin agus gheothagartha. I measc na dtomhas a ghlactar tá próifíl bhóthair (ar bhonn trasnach agus faid), rianú, scoilteadh agus saintréithe dul i léig eile.

Cuireann na suirbhéanna ar an mbail, i dteannta na réamh-mheastachán ar ráta i dtaobh coinníollacha agus cúinsí éagsúla bóithre, ar chumas an Údaráis chun tuar agus pleanáil a dhéanamh do riachtanais forleagain/chothabhála amach anseo.

## Struchtúir

Tá thart ar 3,000 struchtúr droichid ag an ngréasán bóithre náisiúnta. Tagann difríochtaí suntasacha chun cinn i saintréithe droichead ar an ngréasán stairiúil bóithre i leith an líonra nua-aimseartha mótarbhealaigh. Is í an bhundifríocht gurb éard atá sa ghréasán stairiúil, den chuid is mó, ná droichid stua, cé nach ann d'aon droichid stua ar an ngréasán mótarbhealaí. Mar thoradh air sin, teastaíonn breis monatóireachta agus imscrúdú leanúnach ón ngréasán droichid stua stairiúla.

Dearadh ár ndroichid nua-aimseartha uile, a tógadh ó 1980 i leith, de réir caighdeáin nua-aimseartha agus féadfaidh siad freastal ar ualaí feithicle i bhfad níos troime ná iad siúd a fhorordaítear i gcaighdeáin reatha an AE. I gcás struchtúir níos sine, ní mór measúnú a dhéanamh ar an gcumas iompair ualaigh ar bhonn shamhlú matamaiticiúil an struchtúir. I gcás struchtúir áirithe, d'fhéadfadh tarraingtí agus taifid eile bheith ar fáil chun cabhrú leis an anailís struchtúrtha; ach is gnách nach ann do mhórán de na struchtúir sin ach chomh beag. I gcás thromlach na seanstruchtúr, tá ar an anailís brath ar thomhais agus ar shonraí réimse a fuarthas ó imscrúduithe suímh. Dá thoradh sin, is gá córas bainistíochta agus monatóireachta a chur i bhfeidhm do na struchtúir dhroichid siúd ar a ndéantar measúnú amhail gan bheith ar chaighdeán nua-aimseartha ar bhonn 'sealadach'. Cuireann an tÚdarás próiseas bainistíochta i bhfeidhm do na struchtúir siúd ina bhfuil baint ag monatóireacht, minicíocht mhéadaithe phríomh-imscrúdaithe agus, nuair a theastaíonn sé, ionadú le struchtúir nua dhroichid.

## An Garda Síochána

Tá go leor rudaí cosúla idir gníomhaíochtaí an Gharda Síochána agus an Údaráis. I measc na limistéar seo, tá bainistíocht tráchta, bainistíocht teagmhais agus éigeandála agus luasteorainneacha.

Le roinnt blianta anuas, d'fhorbair an tÚdarás córas léarscáilithe Bealach Malairt Slí do na mórbhealaí idiruirbeacha agus táthar freisin ag oibriú le cáipéisíocht náisiúnta treorach a fhorbairt chun déileáil le teagmhais ar líonra an mhótarbhealaigh ardluais agus an débhealaigh.

Mar gheall ar an MTCC a bhunú agus leibhéil shuntasacha de Chórais Chliste Iompair a sholáthar, lena n-áirítear VMS agus ERT, tá an tÚdarás in ann bheith níos réamhghníomhaí i dtaobh tacaíocht agus cabhair a sholáthar do ghníomhaíochtaí an Gharda Síochána ar na codanna níos gnóthaí den líonra bóithre náisiúnta.

## Sábháilteacht ar Bhóithre

Tá freagrachtaí fairsinge ar an Údarás as sábháilteacht ar bhóithre a eascraíonn as Achtanna na mBóithre, treoir an AE ar Bhainistíocht um Shábháilteacht ar Bhonneagar Bóithre, mar aon leis an Treoir maidir le Sábháilteacht Tollán.

Tá an gréasán iomlán ag tabhairt faoi chigireachtaí sábháilteachta mar fhreagairt ar an treoir, agus faoi dheireadh 2014, beidh an chéad bhabhta de chigireachtaí críochnaithe. Tá an chuid is mó díobh críochnaithe cheana féin agus tá faisnéis á soláthar ag na torthaí d'fheabhsúcháin sábháilteachta atá beartaithe le haghaidh 2015.

Faoi Achtanna na mBóithre, tá an tÚdarás freagrach, freisin, as faomhadh mionathruithe luasteorann ar an líonra náisiúnta bóithre.

Tá an dearadh nua tógála go léir faoi réir chaighdeáin dearaidh an Údaráis, agus bíonn an tógáil bóithre nua go léir faoi réir athbhreithniú agus iniúchadh sábháilteachta agus sula n-osclófar iad don trácht

## Seirbhísí Geimhridh

Is é cuspóir na seirbhísí geimhridh a chinntiú, a mhéid is féidir agus is indéanta, gur féidir bóithre náisiúnta straitéiseacha a úsáid ar bhealach sábháilte, éifeachtúil, tíosach agus inmharthana ó thús deireadh thréimhse an gheimhridh tríd an tionchar contúirteach a bhíonn ag aimsir an gheimhridh ar an ngréasán a íoslaghdú. Baintear é seo amach tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- comhordú lárnach oibríochtaí sheirbhís an gheimhridh;
- cúnamh straitéiseach déanta cinntí le linn an gheimhridh a sholáthar, agus
- bainistíocht láraithe salainn.

Comhordaíonn an tÚdarás go lárnach seirbhísí geimhridh lena chinntiú go gcuirtear oibríochtaí ar fáil ar bhealach comhsheasmhach agus oiriúnach ag na conraitheoirí cothabhála mótarbhealaigh agus na húdaráis áitiúla.

# Caibidil 2 Feabhsúcháin an Ghréasáin

Is éard atá sa líonra bóithre náisiúnta 5,400km de bhóithre poiblí idir bhóithre débhealaigh shingil agus bhóithre tuaithe agus mhótarbhealach. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an líonra a uasghrádú le blianta beaga anuas, ach ní bhaineann go leor den ghréasán leagáide na caighdeáin amach go fóill agus teastaíonn feabhsú uaidh.

## Mórscéimeanna

Is ionann a leanas stádas na scéimeanna leanúnacha feabhais:

### Críochnaíodh Trí Mhórscéim in 2013:

| | |
|---|---|
| N3 | Seachbhóthar Bhéal an Tairbirt |
| N4 | Deighilt Leibhéal na nDúnta |
| N22/69 | Seachbhóthar Thrá Lí |

### Bhí Trí Mhórscéim á dTógáil in 2013:

| | |
|---|---|
| N5 | Seachbhóthar Bhealach an Doirín |
| N40 | Acomhail Chuarbhóthar Theas Chorcaí |
| N7/11 | Ionad Seirbhíse Chrois an Fhearainn Nua, an Inbhir Mhóir agus Ghuaire |

### Mórscéimeanna a mheastar a Thosóidh in 2014:

| | |
|---|---|
| N17/18 | Scéim ón nGort go Tuaim |

### Mórscéimeanna atá á bPleanáil:

Tá laghdú suntasach tagtha ar an líon scéimeanna atá á bpleanáil go gníomhach le blianta beaga anuas, ach dá ainneoin sin, tá leibhéal suntasach gníomhaíochta fós ar bun. Seo a leanas liosta de na mórscéimeanna atá á bpleanáil.

- N4 Chúil Mhuine-Bhéal Átha na gCarraigíní
- N5 Chathair na Mart-Thurlaigh
- N6 Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe
- N725 Acomhal Dhún Citil
- N7 an Náis/Dhroichead Nua
- N14 Leitir Ceanainn-Leifir
- N14/15 go dtí Nasc an A5
- N22 Sheachbhóthar Bhaile Bhuirne-Mhaigh Chromtha
- N28 Chathair Chorcaí-Rinn an Scidígh
- N56 Thamhnach an tSalainn-Inbhir
- N56 An Chlócháin Léith-na nGleannta

- N59 Sheachbhóthar Mhaigh Cuilinn
- N59 an Chlocháin-Uachtar Ard
- N5/26/58 Thurlaigh-Bhoth Chomhla
- N59 Chathair na Mart-na Mala Raithní
- N86 Sheachbhóthar Lios Tuathail
- N21/69 Luimnigh-Fhainge
- N69 Thrá Lí-an Daingin

### Mionscéimeanna

Tógadh sé mhionscéim déag in 2013, agus cuireadh caoga scéim sa bhreis go mór chun cinn trí phleanáil agus dearadh, d'fhonn go mbeidh clár mionscéimeanna ar fáil lena thógáil de réir mar a bhíonn fáil ar chistiú.

# Caibidil 3 Seirbhísí Taighde agus Speisialtachta

## Taighde agus Caighdeáin

D'fhorbair an tÚdarás sraith cáipéisí chun an chreatlach a chur ar fáil ina bpleanáiltear, ina ndeartar agus ina dtógtar agus ina gcothabháiltear gréasán bóithre na hÉireann. Soláthraíonn na cáipéisí seo na caighdeáin a chuimsítear sa Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Droichid (LDBD) agus na sonraíochtaí a chuimsítear sa Lámhleabhar Cáipéisí Conartha le haghaidh Oibreacha Bóthair. Tugtar LDBD an NRA orthu seo le chéile.

Beidh tús á chur le hathbhreithniú agus uasghrádú mór ar riachtanais theicniúla an Údaráis in 2014, agus tá sé ina sprioc an LDBD a ionadú in 2015.

Déanann an tÚdarás taighde a shocrú chun bearta praiticiúla a chur chun cinn a chuirfidh le costais a laghdú, cáilíocht a fheabhsú agus nuálaíocht a spreagadh agus aird ar fheidhmeanna an Údaráis.

Coimisiúnaítear an chuid is mó dár ngníomhaíochtaí taighde i gcomhar le tíortha eile, chun an luach is fearr a bhaint amach agus chun dea-chleachtais a roinnt. Bhí an tÚdarás mar chathaoirleach ar chlár taighde Chomhdháil Thras-Eorpach Stiúrthóirí Bóithre na hEorpa (CSBE) in 2013.

## An tSamhail Náisiúnta Iompair

Leanann an tÚdarás leis an tSamhail Náisiúnta Tráchta (a seoladh in 2008) agus an tSamhail Náisiúnta Iompair (a seoladh in 2011) a chothabháil agus a fhorbairt. Cuireann an tÚdarás tacaíocht agus oiliúint theicniúil ar fáil don fhoireann agus do chomhairligh in úsáid agus i gcur i bhfeidhm na samhla.

## Treoirlínte um Breithmheas ar Thionscadail

Cinntíonn na Treoirlínte um Breithmheas ar Thionscadail (TBT) go ndéantar breithmheas ar gach tionscadal ar bhealach comhsheasmhach agus daingean. Léiríonn an TBT treoir a leagtar amach i gComhchreatlach Bhreithmheasa na Roinne Iompair agus i dTreoirlínte Bainistíochta Tionscadail an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, agus comhlíonann siad an Cód Caiteachais Phoiblí.

Rinneadh eisiúint reatha na dtreoirlínte a struchtúrú i sraith 'Aonaid TBT' a chuireann treoir agus comhairle ar fáil ar ghnéithe éagsúla de shamhlú, breithmheas agus tuairisciú na scéime. Tá fáil ar Aonaid TBT lena bhfeiceáil nó lena n-íoslódáil ónár láithreán gréasáin ag: *www.nra.ie/Publications/ProjectAppraisal.*

## Pleanáil um Úsáid Talún

Tá ag an Údarás ról reachtúil i saincheisteanna pleanála agus atreoraítear roinnt iarratais pleanála chuig an Údarás faoi na cúinsí a leagtar amach sna Rialacháin Phleanála agus Forbartha. Ina theannta sin, tá feidhm ag an Údarás maidir le pleananna forbartha an údaráis áitiúil, criosanna forbartha straitéisí agus pleananna comhchosúla bonneagair straitéisigh.

D'fhoilsigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil treoirlínte pleanála reachtúla le haghaidh údaráis áitiúla ar Phleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta in 2012. Leagann na treoirlínte

pleanála reachtúla ar Phleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta breithniúcháin um beartas pleanála amach maidir le forbairt a dhéanann difear do bhóithre náisiúnta. Leagann na treoirlínte béim ar an ngá atá le teagmháil luath agus le luathphlé a dhéanamh idir an tÚdarás agus an húdaráis phleanála maidir leis na beartais agus na cuspóirí oiriúnacha a chur le chéile chun forbairt a bhainistiú laistigh de chomhthéacs níos fairsinge an ghréasáin bhóithre náisiúnta agus na feidhmeanna atá ag an ngréasán siúd.

Tá ag an Údarás freagrachtaí suntasacha maidir le pleanáil, nach ionann iad agus an ceanglas atá orainn chun faomhadh reachtúil a fháil d'aon scéimeanna a d'fhéadfadh bheith á bhforbairt ag an Údarás. Ina theannta sin, bíonn ionchur ag an Údarás i mbeartas náisiúnta, athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna forbartha contae agus áitiúla an údaráis áitiúil mar chomhairlí reachtúil, mar aon le hathbhreithniú a dhéanamh ar iarratais pleanála ar leith a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an ngréasán bóithre náisiúnta.

Sa mhullach air sin, faigheann an tÚdarás tograí um iarratas pleanála agus déanann siad measúnú orthu faoi ailt eile de na hAchtanna Pleanála, ar nós Forbairt Straitéiseach Bonneagair, Forbairtí an Stáit agus an Údaráis Áitiúil, agus Ceadúnú Comharthaí.

## Dolaí

Tá an tÚdarás freagrach go díreach as dhá oibriúchán dolaí: eFlow an M50 (córas dolaí uile-leictreonach) agus áis Thollán Chalafort Bhaile Átha Cliath. Tá ocht n-oibriúchán bhreise dolaí lonnaithe ar fud an ghréasáin a dhéanann cuideachtaí príobháideacha a oibriú.

Sa mhullach air sin, cuireann an tÚdarás na córais agus an bonneagar ar fáil agus bainistíonn siad iad agus éascaíonn seo idir-inoibritheacht náisiúnta dolaí, a éascaíonn clibeanna leictreonacha ó chuideachtaí éagsúla a úsáid ar gach bóthar dolaí go náisiúnta. In 2013, bhainistigh an córas idir-inoibritheachta thart ar 35 milliún idirbheart.

Tugadh isteach idir-inoibritheacht idir dola-phláis agus soláthraithe clibeanna leictreonacha mar chuid den chlár dolaí bóthair CPP, ionas nach gá don phobal ach clib amháin a bheith acu chun úsáid a bhaint as aon bhóthar dola, agus faigheann úsáideoirí bille comhdhlúite amháin cé go bhféadfadh go bhfuil airgead ag roinnt oibreoirí dolaí orthu. Tá an AE ag iarraidh a chomhionann de shocrú idir-inoibritheach a shíneadh a fhad le húsáideoirí bóthair ar fud na hEorpa agus tá iarracht chomhbheartaithe á déanamh ag an gCoimisiún Eorpach chun fíor-dhul chun cinn a dhéanamh chun an coincheap seo a chur chun cinn. Thug an tÚdarás soláthraí nua isteach in 2013, agus an fheidhmiúlacht bhreise ann chun tacú le cuspóirí an Choimisiúin.

Tá eFlow lonnaithe ar an M50 (idir Acomhal 6 agus 7). Is córas leictreonach dolaí é a tháinig in ionad chóras bacainní dola Westlink in 2008. Chruthaigh an córas seo tairbhí suntasacha geilleagracha agus comhshaoil – amanna aistir a fheabhsú, brú tráchta a laghdú, astuithe a laghdú agus coigiltí costais a éascú ar chostais iompair feadh chonair an M50.

## Comhshaol

Leanann an tÚdarás lena sraith chuimsitheach treoirlínte dearaidh, tógála agus oibríochtúla a mhéadú leis an tuiscint agus an fhreagairt chuí a chinntiú i leith an iomaí dúshlán comhshaoil lena mbaineann an líonra bóithre náisiúnta a thógáil agus a oibriú. Leantar le tabhairt faoi thaighde suntasach chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbearta maolaithe comhshaoil a glacadh roimhe seo, d'fhonn a chinntiú go ndéantar níos mó réiteach a chomhtháthú isteach i ndearadh bóthair amach anseo.

In 2013, leagadh béim ar leith ar ghalar críonta siar na bhfuinseog a chomhrac, agus ar idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis áitiúla chun páirt a ghlacadh i bpleananna gníomhaíochta torainn a ullmhú. Sa mhullach air sin, lean an tÚdarás chun oibriú ar staidéir mheasúnaithe iar-MTT agus díriú ar leith ar thuarascálacha achoimre ar thástáil *in situ* a dhéanamh ar bhacainní torainn, ar dhraenáil agus ar bhearta maolaithe éiceolaíochta.

Ar a bharr sin, rinne an tÚdarás maoirsiú ar fhorbairt clár trasnáisiúnta taighde ar thorann ar son Chomhdháil Stiúrthóirí Bóithre na hEorpa (CSBE).

Déantar athbhreithniú gach mórscéim le linn dearaidh agus tógála le comhlíonadh beartais agus gealltanais reatha chomhshaoil a chinntiú.

Maidir le forbairt inmharthana, rannpháirtíonn an tÚdarás i gceithre thionscadal uile-Eorpacha a théann i ngleic le limistéir ar nós córais phábhála bóthair atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh de agus astuithe $CO_2$ agus anailís MTT ar shaolré.

## Seandálaíocht

In 2013, d'éirigh leis an Údarás roinnt tionscadail seandálaíochta a chríochnú ar scéimeanna náisiúnta bóthair chun sásaimh na n-údarás reachtúil. Áiríodh leo seo, measúnuithe seandálaíochta, bainistiú a dhéanamh ar ghnéithe seandálaíochta Ráiteas Tionchair Timpeallachta, conraitheoirí seandálaíochta a fháil agus bainistiú a dhéanamh ar oibreacha suímh.

Lean an dul chun cinn suntasach i gcríochnú agus i seachadadh tuarascálacha ar thochailt seandálaíochta a baineadh amach le blianta beaga anuas le linn 2013. Ina theannta sin uile, tá acmhainn thábhachtach á déanamh de na tuarascálacha seandálaíochta seo, ní hamháin do thaighdeoirí in Éirinn agus thar lear, ach do thionscadail forbartha nach mbaineann le tógáil bóithre, mar gheall go gcuireann siad sonraí ríthábhachtacha bonnlíne ar fáil. In 2013, chuir seandálaithe an Údaráis seirbhísí comhairleoireacht seandálaíochta ar fáil do líon údaráis áitiúla le haghaidh tionscadail bhóithre neamhnáisiúnta.

Le linn na bliana, b'ann do scaipeadh leanúnach torthaí seandálaíochta ó scéimeanna náisiúnta bóthair, ar leibhéal réigiúnach agus náisiúnta araon.

# Caibidil 4 Faisnéis faoin Údarás um Bóithre Náisiúnta

## Bunú agus Sainchúram

Bunaíodh an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta go foirmiúil mar chomhlacht neamhspleách poiblí faoi Acht na mBóithre, 1993. Is é á mbuntasc soláthar gréasán sábháilte agus éifeachtach bóithre náisiúnta a chinntiú (tá feidhmeanna sonracha an Údaráis leagtha amach in Alt 19 den Acht, arna leasú ag Acht na mBóithre, 2007).

Ceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, comhaltaí an Údaráis, agus aird ar a dtaithí agus ar a n-inniúlacht i limistéir ábhartha, lena n-áirítear bóithre, iompar, tionsclaíocht, cúrsaí tráchtála, airgeadais nó ábhair chomhshaoil.

## Seirbhís do Chustaiméirí

Tá an tÚdarás tiomanta do sheirbhís ghairmiúil, éifeachtúil agus mhúinte a chur ar fáil don phobal. Leagtar amach inár gCairt Chustaiméirí agus ár bPlean Gníomhaíochta Custaiméirí sonraí faoi na caighdeáin agus faoin leibhéal seirbhíse ar féidir lenár gcustaiméirí bheith ag súil leis agus iad ag déileáil leis an Údarás. Is féidir cóipeanna de na cáipéisí lena mbaineann a fháil ag: *www.nra.ie*.

## An Ghaeilge

Tá an tÚdarás go hiomlán tiomanta do cheanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chomhlíonadh, agus rinne siad Ráiteas Beartais a fhoilsiú maidir le hÚsáid na Gaeilge in Eanáir 2010, ar a bhfuil fáil lena fheiceáil/íoslódáil ar láithreán gréasáin an Údaráis ag: *www.nra.ie/publications.* Cuireann an ráiteas beartais le prionsabail na seirbhíse ardchaighdeáin do chustaiméirí agus leis an ngealltanas a rinneadh inár gCairt do Chustaiméirí lena chinntiú gur féidir le custaiméirí ar mian leo tabhairt faoina ngnó linn trí mheán na Gaeilge amhlaidh a dhéanamh.

## Inrochtaineacht

Tá ag an Údarás Coiste Rochtana i mbun feidhme ar a bhfuil an cúram a chinntiú go dtugtar aird iomlán do cheanglais an Achta Míchumais, 2005. D'oibrigh an Coiste an-dícheallach ó bunaíodh é in 2008 lena chinntiú, chomh fada agus is féidir, go bhfuil fáil ar an uile bheart agus áis chuí do chustaiméirí atá faoi mhíchumas fisiciúil nó intleachtúil.

## Tuairisciú um Éifeachtúlacht Fuinnimh i measc Comhlachtaí den Earnáil Phoiblí

Mar chuid d'athbhreithniú cuimsitheach ar úsáid fuinnimh ar thug an earnáil phoiblí faoi, d'iarr an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha mar aon le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) go dtuairiscítear úsáid fuinnimh san fhormáid mholta a leanas agus go rachfar i mbun bearta, mar aon le gníomhaíochtaí beartaithe, i dtreo éifeachtúlachtaí níos fearr fuinnimh sna tuarascálacha bliantúla. Tugann an fhaisnéis a leanas miondealú mionsonraithe ar chomhlíonadh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta na hiarrata seo.

**An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta**
**Úsáid Fuinnimh 2013 (kWh)**

Iomlán: 601,612 kWh

## Gníomhartha faoinar tugadh in 2013

- Mar gheall ar athruithe a tháinig ar riachtanais tuairiscithe an SEAI, chríochnaigh Measúnóir neamh-intíre BER deimhniú DEC an Údaráis le haghaidh 2013.
- Leanann feachtas um Fheasacht ar Fhuinnimh an Údaráis ar siúl.
- Bhí tráth rathúil na gceisteanna faoi chúrsaí fuinnimh ar siúl um Nollaig, a spreag go leor spéise san ábhar.

## Gníomhartha atá ar na bacáin le haghaidh 2014

- Leanúint ar aghaidh leis an gclár um fheasacht ar fhuinneamh
- Coigilteoir fuinnimh a shannadh ar gach urlár lena chinntiú go bhfuil soilse, aonaid aerchóirithe, gaothráin etc. múchta ag deireadh gach lá oibre
- Tá an tÚdarás á chónascadh leis an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród (GFI), agus comhthionscnamh a bheidh in aon tionscnaimh coigilte fuinnimh a phleanáiltear amach anseo nuair a bheimid lonnaithe san aon fhoirgneamh amháin i rith 2015.

## Rialachas Corparáideach

Tá Cód Cleachtais ag an Údarás le haghaidh Rialachas an NRA, ar a ndéantar athbhreithniú gach bliain. Ta an cód i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a eisíonn an Roinn Airgeadais. Tá saincheanglas ar an Údarás, de bhua a reachtaíochta bunaithe, chun feidhmiú i gcomhréir le beartais a d'ordaigh an Rialtas. Ina theannta sin, tá ceanglas ar an Údarás feidhmiú i gcomhréir le réimse ceanglais reachtúla agus eile lena mbaineann i gcomhthéacs a bhfeidhmeanna éagsúla, ina measc siúd, ceanglais fostóra, údaráis reachtúil agus soláthraí seirbhísí.

## Bainistíocht Riosca

Tugann an tÚdarás faoi bhainistiú riosca i gcomhréir le caighdeáin rialachais agus freagrachta atá in oiriúint do Ghníomhaireachtaí Stáit. Déantar nuashonrú rialta ar bheartais agus ar phleananna bainistithe riosca an Údaráis.

## Iniúchadh agus an Coiste Iniúchta

Tá an tÚdarás faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Déanann Coiste Iniúchta an Údaráis maoirsiú ar fheidhm an Iniúchta Inmheánaigh agus cuireann siad comhairle ar an mBord maidir le hoibriú agus le forbairt na feidhme sin. Tháinig an Coiste Iniúchta le chéile ceithre huaire le linn 2013.

## Tuairisceáin Mhearíocaíochta

Shín an Rialtas a ngealltanas chun soláthraithe a íoc laistigh de 15 lá tar éis do na Gníomhaireachtaí Stáit sonrasc bailí a fháil. Tá gach iarracht á déanamh ag an Údarás lena chinntiú go ndéantar íocaíochtaí laistigh den amfhráma seo, i gcomhréir le nósanna imeachta cuí airgeadais.

**Leagtar amach thíos sonraí faoinár dtaifead íocaíochta le haghaidh 2013:**

| Sonraí | Líon na nÍocaíochtaí | Luach (€) | % na nÍocaíochtaí Iomlána a Rinneadh |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **Íocaíochtaí iomlána a rinneadh in 2013** | 1,890 | 297,302,156 | 100% |
| **Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá** | 1,784 | 294,383,866 | 99% |
| **Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh idir 16 agus 30 lá** | 106 | 2,918,290 | 1% |

| Freastal Chomhaltaí Boird an NRA ar Chruinnithe an Bhoird in 2013<br>Tháinig an Bord le chéile 11 uair | | | |
|---|---|---|---|
| **Comhalta Boird** | **Líon na gCruinnithe a rabhthas i dteideal Freastal orthu** | **Líon na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh** | **Nóta Tuairimíochta** |
| **Cormac O'Rourke (Cathaoirleach)** | 11 | 11 | |
| **Fred Barry (POF)** | 11 | 11 | |
| **Jacqueline Cross** | 11 | 10 | |
| **Robert Rowan** | 6 | 5 | *Chríochnaigh a théarma an 8 Iúil 2013* |
| **David O'Connor** | 11 | 10 | |
| **Declan J Walsh** | 11 | 10 | |
| **Gary Comiskey** | 11 | 11 | |
| **Joe O'Mahony** | 10 | 6 | *Ceapadh é leis an mBord an 14 Feabhra 2013* |
| **Sandra Murphy** | 6 | 6 | *Ceapadh í leis an mBord an 7 Meitheamh 2013* |
| **Senan Turnbull** | 3 | 3 | *Ceapadh é leis an mBord an 26 Meán Fómhair 2013* |

# RÁITIS AIRGEADAIS

# DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013


Tuairisc Ard-reachtóirí agus an tArd-Iniúchóra 19

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis 20

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais 21

Beartais Chuntasaíochta 22

Cuntais Ioncaim agus Caiteachais

- Forbairt agus Cothabháil Bóithre 24
- Riarachán 25

Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta 26

Clár Comhardaithe 27

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid 28

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 29

# Ard-Reachtaire Cuntas agus CisteTuarascáil le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

**An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta**

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais an Údaráis um Bóithre Náisiúnta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 faoi Acht na mBóithre 1993. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, rudaí a ullmhaíodh de réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu, na polasaithe cuntasaíochta, cuntas ioncaim agus caiteachais forbairt agus cothabháil bóithre, an cuntas ioncaim agus caiteachais riarachán, an ráiteas gnóthachan agus caillteanas aitheanta Iomlán, an clár comhardaithe, an ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus na cuntais á n-ullmhu ná dlí infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn.

**Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis**

Tá an tÚdaráis freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Údaráis, ar a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Is é an fhreagracht atá orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir dlí infheidhme.

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dheánamh do bhreithnuithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíochta agus lena n-oibríocht.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag cloí le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird Chleachtais Iniúchta ag an am céanna.

**Scóp Iniúchta na Ráiteas Airgeadais**

I rith iniúchta, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an tÚdarás, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh ar shlí leordhóthanach iad
- réasúnacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a ndéantar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgaím fianaise chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

**Tuairim ar na Ráitis Airgeadais**

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir Chleachtas Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar riocht ghnóthaí an Údarás ar an 31 Nollaig 2013 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an Údaráis. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

**Ábhair lena dTuairiscím trí Eisceacht**

Tuairiscím trí eisceacht

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- má thugann m'iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach comhlíonadh an tÚdarás leis an gCód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

Seamus McCarthy.

**Seamus McCarthy**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**30 Meán Fómhair 2013**

# RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Ceanglaítear ar an Údarás um Bóithre Náisiúnta (an tÚdarás) de bhun Alt 5(2) den Tríú Sceideal d'Acht na mBóithre, 1993 ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- a chinntiú go bhfuil breithiúnais agus meastacháin a dhéantar réasúnach agus stuama;
- dearbhú a dhéanamh cé acu ar cloíodh le caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta nó nár cloíodh, faoi réir aon neamh-chomhlíonadh ábhartha a nochtadh agus a mhíniú sna ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh an tÚdarás i mbun oibre.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 5 den Tríú Sceideal den Acht. Tá an tÚdarás freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus ar an ábhar sin ní mór dó bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Thar ceann an Údaráis:

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Fred Barry
Príomhfheidhmeannach

29 Meán Fómhair 2013

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

## Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Aithnímse thar ceann Bhord an Údaráis go bhfuil dualgas orainn a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um Rialú Inmheánach Airgeadais á choimeád agus á fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta, agus ní deimhniú iomlán a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go dtabharfaí iad faoi deara in achar tráthúil ama.

## Príomhnósanna Imeachta maidir le Rialú

Is iad seo na bearta atá déanta ag an mBord le cinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialála i bhfeidhm:

- glacadh le Cód Cleachtais do Rialú an Údaráis;
- cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt ar fud na heagraíochta;
- a chinntiú go gcomhlíontar na ceanglais a bhaineann le Dearbhú Leasa mar a shonraítear sna hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus in Alt 40 d'Acht na mBóithre 1993;
- cruinnithe an Bhoird a thionóil go rialta; agus
- Coiste Iniúchóireachta a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta.

Rinne an tÚdarás measúnú foirmiúil riosca chun na príomhrioscaí gnó atá os comhair na heagraíochta a aithint. Tá clár rioscaí corparáideacha ullmhaithe agus d'fhaomh an Bord beartas bainistíochta rioscaí.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat lena gcuimsítear faisnéis rialta don lucht bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Cuimsíonn sé go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe a ndéanann an Bord athbhreithniú agus comhaontú faoi;
- sannadh freagrachtaí airgeadais agus cuntasachta comhfhreagraí ar leibhéal an lucht bainistíochta;
- athbhreithnithe rialta ag an mbainistíocht shinsearach agus an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le buiséid;
- údarú maidir le díscaoileadh airgid a shrianadh do shínitheoirí údaraithe;
- córais atá curtha i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú;
- córais airgeadais ríomhairithe lena n-áirítear cuntasaíocht, párolla, éilimh chostas agus clár sócmhainní seasta; agus
- beartas atá sainithe go soiléir maidir le soláthar.

Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh ag an Údarás a fheidhmítear de réir an Chóid Creatlaí um Dhea-Chleachtas atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit. Bíonn obair fheidhm an iniúchta inmheánaigh treoraithe ag anailís a dhéantar ar an riosca dá bhfuil an comhlacht nochta. Tá na pleananna iniúchóireachta inmheánaí ceaptha chun na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Formhuiníonn an Coiste Iniúchta an anailís ar rioscaí agus na pleananna um iniúchadh inmheánach agus faomhann an Bord iad.

Bíonn an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Bord ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair an Iniúchta Inmheánaigh; an Choiste Iniúchóireachta, a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúchta Inmheánaigh; na Foirne Feidhmiúcháin laistigh den Údarás, atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais; agus ráitis a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2013 go ndearna an Coiste Iniúchóireachta, thar ceann an Bhoird, athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Sínithe thar cheann an Bhoird

Cormac O'Rourke
Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

29 Meán Fómhair 2013

# BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

## 1. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe ach amháin sna cásanna a luaitear thíos, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus de réir an dlí infheidhmithe agus na gcaighdeán cuntasaíochta arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta Leis in Éirinn). Tá na ráitis airgeadais i bhformáid atá faofa ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## 2. Ioncam ó Dheontais Stáit

Léiríonn Deontais Stáit na suimeanna iarbhír a fuarthas ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt sa bhliain.

## 3. Aisíocaíochtaí Deontas

Léirítear sna hAisíocaíochtaí Deontas na suimeanna iarbhír a fuarthas ar ais ó údaráis áitiúla sa bhliain.

## 4. Ioncam Dola

Aithníonn an tÚdarás ioncam dola atá dlite ó oibreoirí de réir mar a thuilltear é. Is ionann an t-ioncam dola agus muirir a thoibhíonn oibreoirí dola glan ar CBL, muirir áirithe arna ngearradh ag oibreoirí dola, íocaíochtaí idir-inoibritheachta, agus méideanna a mheastar a bheith dobhailithe, ag oibreoirí dola. Áirítear leis freisin méideanna a fuarthas i leith an tsocraithe maidir le roinnt ioncaim faoi scéim Comhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí an M4 idir Chill Choca agus Cionn Átha Gad.

## 5. Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla

Is éard atá sna híocaíochtaí le húdaráis áitiúla maidir le tógáil, feabhsú, cothabháil, agus bainistíocht bóithre ná na deontais iarbhír a íocadh sa bhliain.

## 6. Comhpháirtíocht Phoiblí- Phríobháideach (CPP)

Tá an tÚdarás i mbun roinnt conarthaí Comhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí maidir le tógáil agus/nó oibriú bóithre. Déanann an tÚdarás íocaíochtaí faoi na conarthaí sin, leis an oibreoir CPP maidir le tógáil agus/nó oibriú an bhóthair. Cuirtear an caiteachas de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais (féach nóta 18). Bíonn forail i gconarthaí áirithe maidir le híocaíochtaí breise a dhéanamh má bhíonn méid an tráchta faoi bhun leibhéal sonraithe (íocaíochtaí ráthaíochta tráchta).

I gcásanna áirithe féadfaidh an tÚdarás a bheith i dteideal sciar den ioncam a fháil a thuilleann an t-oibritheoir bóthair. Aithnítear é sin mar ioncam dola.

Aithníonn an tÚdarás gach íocaíocht i leith CPP agus fáltais ó oibreoirí CPP de réir mar a bhíonn siad dlite.

## 7. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Sonraítear Sócmhainní Seasta ag costas lúide dímheas carntha. Soláthraítear dímheas ar bhonn líne dírí ar na rátaí atá luaite thíos a mheastar a laghdóidh na sócmhainní chuig a nglanluachanna inréadaithe ag deireadh a saolré úsáidí measta:

| | |
|---|---|
| **Troscán, Daingneáin agus Feistis** | **10%** |
| **Trealamh (gan Trealamh Ríomhaireachta san áireamh)** | **15%** |
| **Trealamh ríomhaireachta** | **25%** |
| **Trealamh Leictreonach** | **10% - 20%** |
| **Comharthaíocht Treo** | **5%** |
| **Trealamh Sábháilteachta & Trealamh Ilghnéitheach** | **10%** |
| **Ionaid Seirbhíse** | **3%** |
| **Iostaí Cothabhála** | **3%** |
| **Sócmhainní eFlow an M50** | **5% /réanna conarthaí** |

## 8. Stoic

Déantar gach ábhar inchaite a dhíscríobh sa bhliain ina gceannaítear iad.

## 9. Aoisliúntas

Oibríonn an tÚdarás scéim pinsean sochair shainithe a mhaoinítear go bliantúil ar bhunús íoctar mar a úsáidtear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail foirne.

Déantar dliteanais scéime pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh an aonaid réamh-mheasta. Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonn an tÚdarás. Tá méid comhfhreagrach don chostas pinsin aitheanta mar ioncam sa mhéid agus gur féidir é a fháil ar ais, agus é cúitithe ag deontais a fhaightear i rith na bliana chun íocaíochta pinsin a urscaoileadh.

Maidir le gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha agus ó thaithí bharrachais agus ó easnaimh aithnítear iad sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta don bhliain ina dtarlaíonn siad, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Léiríonn luach reatha na ndliteanas pinsean luach reatha na n-íocaíochtaí pinsean le haghaidh na todhchaí atá tuilte ag baill foirne go dtí seo. Is ionann maoiniú pinsin iarchurtha agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

## 10. Cuntas Caipitil

Is ionann an Cuntas Caipitil agus an méid ioncaim gan amúchadh a úsáidtear chun críche caipitil. Déantar sócmhainní seasta a mhaoiniú ó ioncam deontais a aistrítear chuig an gcuntas caipitil agus a amúchtar ag teacht le dímheas na sócmhainní gaolmhara.

# FORBAIRT AGUS COTHABHÁIL BÓITHRE
# CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
# DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| | **Nóta** | **€** | **€** |
| Deontais Stáit: | | | |
| Tógáil agus Feabhsú Bóithre Náisiúnta | 1 | 278,060,000 | 605,000,000 |
| Tógáil agus Feabhsú Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla | 1 | 315,500,000 | 281,000,000 |
| Cothabháil agus Bainistiú Bóithre Náisiúnta | 1 | 44,531,540 | 42,267,000 |
| Cothabháil agus Bainistiú Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla | 1 | 84,922,826 | 96,329,184 |
| Oibríochtaí Comhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí | 1 | 61,750,000 | 74,467,000 |
| Aisíocaíochtaí Deontas | 2 | 8,234,753 | 2,506,668 |
| Ioncam Dola | 3 | 104,807,801 | 101,446,561 |
| Fáltais Éagsúla | 4(a) | 3,527,959 | 1,053,044 |
| | | 901,334,879 | 1,204,069,457 |
| Aistriú chuig Cuntas Caipitil | 5 | (19,539,446) | (16,973,252) |
| | | 881,795,433 | 1,187,096,205 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tógáil agus Feabhsú Bóithre | 17(a) | 561,413,122 | 776,028,581 |
| Cothabháil agus Bainistiú Bóithre | 17(b) | 129,342,308 | 138,833,889 |
| Comhpháirtíocht Phoiblí-Phríobháideach agus Dola | 18 | 191,016,681 | 242,708,594 |
| Dímheas | 13 | 8,943,751 | 7,764,122 |
| | | 890,715,862 | 1,165,335,186 |
| (Easnamh) / Barrachas don Bhliain | | (8,920,429) | 21,761,019 |
| Barrachas / (Easnamh) ag Tús na Bliana mar a luadh roimhe | | 13,393,313 | (8,380,275) |
| Athrú ón mbliain roimhe | | | 12,569 |
| (Easnamh) ag Tús na Bliana mar a athshonraíodh | | | (8,367,706) |
| Barrachas ag Deireadh na Bliana | | 4,472,884 | 13,393,313 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20.

Thar ceann an Údaráis:

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Fred Barry
Príomhfheidhmeannach

29 Meán Fómhair 2013

# RIARACHÁN
# AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

# DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| | **Nóta** | **€** | **€** |
| Deontais Stáit | 1 | 12,500,000 | 12,877,000 |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean | 8(c) | 3,339,846 | 2,898,350 |
| Fáltais Éagsúla | 4(b) | 118,354 | 127,470 |
| | | 15,958,200 | 15,902,820 |
| Aistriú ó Chuntas Caipitil | 5 | 200,277 | 308,741 |
| | | 16,158,477 | 16,211,561 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail agus ÁSPC | 6 | 8,609,838 | 8,937,932 |
| Costais Phinsin | 8(a) | 4,123,798 | 4,206,264 |
| Taisteal | | 472,693 | 497,501 |
| Costais Riaracháin Eile | 9 | 794,536 | 741,558 |
| Costais Chóiríochta | 10 | 1,793,808 | 1,798,937 |
| Dímheas | 13 | 344,067 | 383,781 |
| Táillí agus Costais Stiúrthóirí | 7 | 45,889 | 51,015 |
| | | 16,184,629 | 16,616,988 |
| Easnamh don Bhliain | | (26,152) | (405,427) |
| Barrachas ag Tús na Bliana | | 25,423 | 430,850 |
| (Easnamh) / Barrachas ag Deireadh na Bliana | | (729) | 25,423 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20.

Thar ceann an Údaráis:

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Fred Barry
Príomhfheidhmeannach

29 Meán Fómhair 2013

# RÁITEAS AR IOMLÁN NA nGNÓTHACHAN AGUS NA gCAILLTEANAS AITHEANTA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

| | Nóta | 2013 € | 2013 € | 2012 € | 2012 € |
|---|---|---|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain | | | | | |
| - Forbairt agus Chothabháil Bóithre | | | (8,920,429) | | 21,761,019 |
| - Riarachán | | | (26,152) | | (405,427) |
| Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanas na scéime pinsin | 8(d) | 4,773,846 | | 3,642,350 | |
| Athruithe ar Thoimhdí atá mar Bhunús le Luach Reatha dhliteanais na Scéime Pinsin | 8(d) | 0 | | (4,937,000) | |
| Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin | 8(b) | 4,773,846 | | (1,294,650) | |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Iarchurtha Pinsin | | (4,773,846) | 0 | 1,294,650 | 0 |
| Iomlán na (gCaillteanas) / na nGnóthachan aitheanta don Bhliain | | | (8,946,581) | | 21,355,592 |
| Athrú ón mbliain roimhe | | | | | 12,569 |
| Iomlán na (gCaillteanas) / na nGnóthachan Aitheanta ón tuarascáil bhliantúil dheireanach | | | (8,946,581) | | 21,368,161 |

**Gluaiseacht i gCuntais Ioncaim agus Caiteachais**

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Cuntais Ioncaim agus Caiteachais amhail 1 Eanáir | 13,418,736 | (7,936,856) |
| Iomlán na (gcaillteanas) / na nGnóthachan Aitheanta don Bhliain | (8,946,581) | 21,355,592 |
| Cuntais Ioncaim agus Caiteachais amhail 31 Nollaig | 4,472,155 | 13,418,736 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20.

Thar ceann an Údaráis:

Cormac O'Rourke
Cormac O'Rourke
Cathaoirleach

Fred Barry
Fred Barry
Príomhfheidhmeannach

29 Meán Fómhair 2013

# CLÁR COMHARDAITHE

# AMHAIL 31 NOLLAIG 2013

| | Nóta | 2013 € | 2013 € | 2012 € | 2012 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 13 | | 135,485,231 | | 116,146,062 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 11 | 18,777,593 | | 9,881,760 | |
| Airgead ar Láimh agus sa Bhanc | | 16,814,546 | | 28,574,585 | |
| | | 35,592,139 | | 38,456,345 | |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe: Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin | 12 | (31,119,984) | | (25,037,609) | |
| Glansócmhainní Reatha | | | 4,472,155 | | 13,418,736 |
| Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha Gan Phinsin | | | 139,957,386 | | 129,564,798 |
| Glandliteanas Pinsin | 8(b) | | (58,720,000) | | (60,154,000) |
| Maoiniú Pinsin Iarchurtha | 8(c) | | 58,720,000 | | 60,154,000 |
| | | | 139,957,386 | | 129,564,798 |
| **Glansócmhainní Reatha Iomlána** | | | | | |
| **Arna Léiriú ag:** | | | | | |
| Cuntas Caipitil | 5 | | 135,485,231 | | 116,146,062 |
| Cuntais Ioncaim agus Caiteachais: | | | | | |
| Forbairt agus Cothabháil Bóithre | | 4,472,884 | | | 13,393,313 |
| Riarachán | | (729) | | 25,423 | |
| | | | 4,472,155 | | 13,418,736 |
| | | | 139,957,386 | | 129,564,798 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 20.

Thar ceann an Údaráis:

Cormac O'Rourke
Cathaoirleach
29 Meán Fómhair 2013

Fred Barry
Príomhfheidhmeannach
29 Meán Fómhair 2013

# RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2013

**Réiteach Glan(Easnaimh) / Barrachais Oibriúcháin le Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin**

| | Nóta | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|---|
| Barrachas/(Easnamh) ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | |
| - Forbairt agus Cothabháil Bóithre | | (8,920,429) | 21,761,019 |
| - Riarachán | | (26,152) | (405,427) |
| Aistriú ó / (chuig) Cuntas Caipitil | | | |
| - Forbairt agus Cothabháil Bóithre | 5 | 19,539,446 | 16,973,252 |
| - Riarachán | 5 | (200,277) | (308,741) |
| Ús Bainc | 4 | (33,134) | (68,957) |
| Muirear Dímheasa | 13 | 9,287,818 | 8,147,903 |
| (Méadú)/Laghdú i bhFéichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 11 | (8,895,833) | 2,040,365 |
| Méadú i gCreidiúnaithe agus Fabhruithe | 12 | 6,082,375 | 1,938,090 |
| Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcha | | 16,833,814 | 50,077,504 |
| **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** | | | |
| Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | | 16,833,814 | 50,077,504 |
| **Toradh ar Infheistíocht:** | | | |
| Ús Bainc | 4 | 33,134 | 68,957 |
| **Gníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Éadáil Sócmhainní Inláimhsithe | 13 | (28,626,987) | (24,812,414) |
| Glan-eis-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta | | (28,626,987) | (24,812,414) |
| **Bainistiú Acmhainní leachtacha:** | | | |
| Laghdú/(Méadú) ar Thaiscí Gearrthéarmacha | | 14,337,666 | (21,541,392) |
| Méadú ar Airgead Tirim | | 2,577,627 | 3,792,655 |
| **Réiteach an Ghlan-Sreafa Airgid le Gluaiseachtaí i nGlanchistí** | | | |
| Méadú ar Airgead Tirim | | 2,577,627 | 3,792,655 |
| (Laghdú)/Méadú ar Thaiscí Gearrthéarmacha | | (14,337,666) | 21,541,392 |
| Gluaiseacht i nGlanchistí | | (11,760,039) | 25,334,047 |
| Glanchistí amhail 1 Eanáir | | 28,574,585 | 3,240,538 |
| Glanchistí amhail 31 Nollaig | | 16,814,546 | 28,574,585 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1-20.

Thar ceann an Údaráis: Cormac O'Rourke, Cathaoirleach; Fred Barry, Príomhfheidhmeannach

29 Meán Fómhair 2013

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

## 1 Deontais Stáit - Forbairt, Cothabháil agus Riar Bóithre

Fuarthas €797m in 2013 mar dheontais stáit ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (€1,112m in 2012). Déanann an AE páirtchistiú ar chuid de chlár forbartha agus cothabhála bóithre an Údaráis faoi Chláir Chistí Struchtúracha na hÉireann 2007-2013. Tugadh €0.4m in 2013 don Phríomh-Chiste i dtaca le clár an Ghréasáin Iompair Thras-Eorpaigh (€0.1m in 2012). Ina theannta sin, tugadh €10.4 milliún don Phríomh-Chiste in 2013 i bhfáltais ón gCiste Comhtháthaithe mar íocaíocht deiridh i leith thionscadal Sheachbhóthar Inse (Fuarthas €2.2m in 2012 mar íocaíocht deiridh i leith thionscadal idir Halla an Leasáin agus Baile Brigín).

## 2 Aisíocaíochtaí Deontas

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| Tógáil agus Feabhsú Bóithre Náisiúnta | 8,113,045 | 2,428,057 |
| Cothabháil agus Bainistiú Bóithre Náisiúnta | 20,768 | 26,355 |
| Tógáil agus Feabhsú Bóithre Réigiúnacha | 1,816 | 52,256 |
| Cothabháil agus Bainistiú Bóithre Réigiúnacha | 99,124 | 0 |
| | 8,234,753 | 2,506,668 |

## 3 Ioncam Dola

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| Tollán Bhaile Átha Cliath | 10,393,145 | 9,736,739 |
| eFlow an M50 | 93,688,557 | 91,079,441 |
| An M4 idir Cill Choca agus Cionn Átha Gad | 726,099 | 630,381 |
| | 104,807,801 | 101,446,561 |

Is ionann an t-ioncam dola agus:

a) Dolaí tuilte, glan ar CBL, agus muirir áirithe a thoibhíonn oibreoirí dola, íocaíochtaí idir-inoibritheachta, agus méideanna a mheastar a bheith dobhailithe, ag oibreoirí dola.
b) sciar den ioncam atá dlite faoi théarmaí an chonartha CPP do scéim an M4 idir Cill Choca agus Cionn Átha Gad.

**Cáin Bhreisluacha - Ioncam Dola**

Oibríonn an tÚdarás an M50 agus Tollán Bhaile Átha Cliath trí chonarthaí a rinneadh le páirtithe éagsúla. Osclaíodh Tollán Bhaile Átha Cliath in 2006 agus cuireadh tús le socruithe dola eFlow an M50 i mí Lúnasa 2008 agus sa dá chás ní raibh CBL infheidhme ar an dola go dtí Iúil 2010. Sa bhliain 2010 chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl don Údarás in ainneoin na socruithe a bhí ann ag an am, go mbeadh dolaí bóthair a bheadh á mbailiú ag comhlacht poiblí faoi réir CBL, agus go mbeadh sí le cur i bhfeidhm ón 1ú lá de Iúil 2010. Thug an tÚdarás dúshlán na Coimisinéirí Ioncaim faoin scéal agus cuireadh an cheist ar aghaidh chuig Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc. Eagraíocht éisteacht in Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc i mí an Mhárta 2014 agus chinn na Coimisinéirí an cheist a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa. Go dtí seo, thabhaigh an tÚdarás an costas a bhain le gné CBL atá mar chuid de na táillí dola atá ann faoi láthair agus leanann sé ar aghaidh ag seoladh gné CBL d'ioncam an dola chuig na Coimisinéirí Ioncaim (ach gan CBL ar chostais ionchuir san áireamh).

.

## 4 Fáltais Ilghnéitheacha

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| **a) Forbairt agus Cothabháil Bóithre:** | | |
| Ús ar Thaiscí | 30,021 | 62,079 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 325,352 | 153,557 |
| Ioncam ó Chomhroinnt Riosca Árachais | 2,564,513 | 126,068 |
| Sciar den Ioncam ó Ionaid Seirbhísí Mótarbhealaigh | 608,073 | 711,340 |
| | 3,527,959 | 1,053,044 |

**Comhroinnt Riosca Árachais:** Tá clásal maidir le comhroinnt riosca árachais i roinnt tionscadal CPP. Faoin gclásal seo, déantar athbhreithniú ar na costais árachais gach trí bliana, agus ag brath ar na costais a tabhaíodh sa tréimhse, féadfar cúiteamh a íoc leis an Údarás nó a bheith iníoctha ag an Údarás. De thoradh an phróisis athbhreithnithe, eascraíonn ioncam ó scéimeanna CPP mar seo a leanas:

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Seachbhóthar Chathair Phort Láirge ar an N25 | 6,932 | 126,068 |
| Seachbhóthar Thiar Dhún Dealgan ar an M1 | 762,000 | 0 |
| An M3 idir Cluain Aodha agus Ceanannas | 769,000 | 0 |
| An N6 idir Gaillimh agus Béal Átha na Sluaighe | 588,000 | 0 |
| An N8 idir Ráth Chormaic agus Mainistir Fhear Maí | 438,581 | 0 |
| | 2,564,513 | 126,068 |

**Sciar den Ioncam ó Ionaid Seirbhísí Mótarbhealaigh**: Rinne an tÚdarás Conradh CPP maidir le hIonaid Seirbhíse Mótarbhealaigh ar an M1 agus an M4. Tá foráil sa chonradh maidir le scair den ioncam a roinnt. Ba é €608,073 an méid a bhí dlite do 2013 (€711,340 do 2012).

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **b) Riarachán:** | | |
| Ús ar Thaiscí | 3,113 | 6,878 |
| Tástáil Ábhar Bóithre | 39,174 | 32,817 |
| Díol Foilseachán | 4,087 | 5,069 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 71,980 | 82,706 |
| | 118,354 | 127,470 |

## 5 Cuntas Caipitil

| | € | € |
|---|---|---|
| Amhail 1 Eanáir, 2013 | | 116,146,062 |
| Ioncam a Úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a Cheannach - Riarachán | 143,790 | |
| Amúchadh de réir Dímheas Sócmhainne - Riarachán | (344,067) | (200,277) |
| Ioncam a úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a Cheannach - Forbairt agus Cothabháil Bóithre | 28,483,197 | |
| Amúchadh de réir Dímheas Sócmhainne - Bóthar Forbairt agus Cothabháil | (8,943,751) | 19,539,446 |
| Amhail 31 Nollaig 2013 | | 135,485,231 |

## 6 Tuarastail agus ÁSPC

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail | 7,963,428 | 8,272,452 |
| ÁSPC an Fhostóra | 646,410 | 665,480 |
| | 8,609,838 | 8,937,932 |

Asbhaineadh €636,824 mar Thobhach Pinsin agus íocadh é leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (€646,520 in 2012). San áireamh i dtuarastail thuas tá luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh mar seo a leanas:

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastal | 247,020 | 248,803 |
| Ranníocaíocht i leith Pinsin | 49,404 | 51,361 |
| Liúntas i leith cairr | 13,752 | 13,753 |
| | 310,176 | 313,917 |

Níl an Príomhfheidhmeannach ina bhall de Scéim Aoisliúntais an Údaráis um Bóithre Náisiúnta. Déantar ranníocaíocht phinsin chuig ciste pearsanta scoir ar ráta 20% den tuarastal.

## 7 Táillí agus Caiteachais Stiúrthóirí

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| a) Táillí Stiúrthóirí | 45,510 | 47,992 |
| b) Speansais Stiúrthóirí | 379 | 3023 |
| | 45,889 | 51,015 |

(a) Is iad seo a leanas na táillí a bhí dlite do Stiúrthóirí i rith na bliana:

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Fred Barry (Príomhfheidhmeannach) | 0 | 0 |
| Cormac O'Rourke (Cathaoirleach) | 11,955 | 1,750 |
| Peter Malone (D'éirigh as ar 31/12/2013) | 0 | 11,970 |
| Anne Butler (Chuaigh ar scor ar 31/10/2012) | 0 | 6,419 |
| Gary Comiskey (Ceaptha ar 2012/07/09) | 7,695 | 2,426 |
| Jacqueline Cross | 7,695 | 7,695 |
| James Donlon (Chuaigh ar scor ar 07/10/2012) | 0 | 5,918 |
| Clifford Kelly (Chuaigh ar scor ar 13/07/2012) | 0 | 4,119 |
| Sandra Murphy (Ceaptha ar 07/06/2013) | 4,358 | 0 |
| David O'Connor * | 1,004 | 0 |
| Joe O'Mahony (Ceaptha ar 14/02/2013) | 6,760 | 0 |
| Robert Rowan (Chuaigh ar scor ar 08/07/2013) | 4,015 | 7,695 |
| Senan Turnbull (Ceaptha ar 26/09/2013) | 2,028 | 0 |
| Declan Walsh | 0 | 0 |
| | 45,510 | 47,992 |

* Athcheapadh David O'Connor mar chomhalta boird ar an 27ú lá de Mheitheamh 2013. Íocadh táillí leis ón 14ú lá de Shamhain 2013 tar éis dó dul ar scor óna phost san earnáil phoiblí.

(b) B'fhiú €379 na speansais a íocadh le Stiúrthóirí i rith na bliana agus bhain siad le muirir thaistil (€3,023 in 2012). Maidir leis na speansais a íocadh le Fred Barry i rith na bliana thabhaigh sé iad ina cháil mar Phríomhfheidhmeannach agus ní mar Chomhalta an Bhoird.

(c) Níor íocadh aon táille leis an bPriomhfheidhmeannach, Fred Barry, as fónamh ar an mBord.

## 8 Costais Phinsean

**a) Anailís ar iomlán na gcostas pinsean a gearradh ar Chaiteachas**

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Costas Seirbhíse Reatha | 2,204,000 | 1,758,000 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin | 2,316,000 | 2,859,000 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | (396,202) | (410,736) |
| | 4,123,798 | 4,206,264 |

**b) Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin i rith na Bliana Airgeadais**

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Glandliteanas Pinsin amhail 1 Eanáir | 60,154,000 | 55,961,000 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 2,204,000 | 1,758,000 |
| Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsin | 2,316,000 | 2,859,000 |
| (Gnóthachan) / Caillteanas Achtúireach | (4,773,846) | 1,294,650 |
| Pinsin íoctha sa bhliain | (1,180,154) | (1,718,650) |
| **Glandliteanas Pinsin amhail 31 Nollaig** | 58,720,000 | 60,154,000 |

**c) Maoiniú Pinsin Iarchurtha**

Aithníonn an tÚdarás méideanna atá dlite ón Stát maidir le dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin ar bhunús na mbonn tuisceana atá luaite i nóta 8 (e) agus roinnt rudaí a tharla san am atá thart. Ar na rudaí sin tá an bonn reachtúil atá mar bhunús na scéimeanna aoisliúntais agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le maoiniú phinsin na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus próiseas na meastachán bliantúla. Níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ar aghaidh chun suimeanna den sórt sin a íoc de réir an chleachtais reatha.

Is mar seo a leanas a bhí an Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin a aithníodh sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| Maoiniú In-aisghabhála i nDáil le Costais Phinsin na Bliana Reatha | 4,520,000 | 4,617,000 |
| Deontas Stáit a Úsáideadh chun Pinsinéirí a Íoc | (1,180,154) | (1,718,650) |
| | 3,339,846 | 2,898,350 |

B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2013 agus €58,720,000 (€60,154,000 in 2012).

**d) Stair na nOibleagáidí Sochair Shainithe**

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Oibleagáidí Sochair Shainithe | (58,720,000) | (60,154,000) | (55,961,000) | (49,613,000) |
| Gnóthachain ó Thaithí ar Dhliteanais na Scéime | 4,773,846 | 3,642,350 | 2,235,311 | 4,765,252 |
| Céatadán de Dhliteanais na Scéime | 8.1% | 6.1% | 4.0% | 9.7% |
| Caillteanais ó Thaithí ar Dhliteanais na Scéime | 0 | (4,937,000) | (5,208,000) | (2,275,000) |
| Céatadán de Dhliteanas na Scéime | - | (8.2%) | (9.3%) | (4.6%) |

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta agus €14,755,527 (€19,529,373 in 2012).

**e) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim**

Is é atá sa scéim pinsean ná socrú pinsean tuarastail deiridh sochair sainithe le sochair agus ranníocaíochtaí arna sainiú de réir rialacháin "eiseamláireacha" reatha na scéimeanna san earnáil phoiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéilí agus leanaí. De ghnáth, is é an Aois Scoir do bhaill ná a 65$^{ú}$ breithlá, agus tá daoine a bhí ina mbaill roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60 ar aghaidh. Téann pinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta tuarastail san earnáil phoiblí.

Bhí an luacháil a úsáideadh do nochtadh (Athbhreithnithe) FRS17 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán (Feabhra 2014) a rinne achtúire cáilithe neamhspleách ag cur san áireamh na riachtanais FRS17 (Athbhreithnithe) d'fhonn measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime amhail 31 Nollaig 2013.

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Méaduithe ar Thuarastail sa Todhchaí | 3.00% | 3.00% |
| Méaduithe Pinsin sa Todhchaí | 2.50% | 2.50% |
| Ráta Lascaine | 3.75% | 3.75% |
| Boilsciú sa Todhchaí | 2.00% | 2.00% |
| Méaduithe ar Phinsin Stáit sa Todhchaí | 2.00% | 2.00% |

Tá sé de bhua ag an mbonn básmhaireachta ar glacadh leis gur féidir feabhsuithe a thagann ar ionchas saoil le himeacht aimsire a chur san áireamh ann, sa chaoi go mbraitheann ionchas saoil ag am scoir ar an mbliain a shroicheann an ball aois scoir (65 bliana d'aois). Léirítear sa tábla thíos ionchas saoil na mball sin a shroicheann 65 bliana d'aois in 2013 agus in 2033.

| An Bhliain ina Shroicheann Siad 65 Bliain d'Aois | 2013 | 2033 |
|---|---|---|
| Ionchas Saoil - Fireann | 87.5 | 90.0 |
| Ionchas Saoil - Baineann | 88.9 | 91.0 |

## 9 Costais Riaracháin Eile

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| Teileafón agus Post | 109,855 | 118,830 |
| Priontáil agus Stáiseanóireacht | 51,550 | 42,818 |
| Táillí Ríomhairí | 282,181 | 290,356 |
| Táillí Iniúchóireachta | 24,400 | 17,690 |
| Leabhair agus Tréimhseacháin | 28,827 | 26,731 |
| Árachas | 30,148 | 27,432 |
| Deisiú agus Cothabháil - Trealamh | 9,080 | 8,926 |
| Ilnithe | 175,805 | 138,395 |
| Forbairt Foirne/Cúrsaí Foirne | 46,740 | 84,991 |
| Táillí Comhairleoireachta | 35,950 | (14,611) |
| | 794,536 | 741,558 |

## 10 Costais Chóiríochta

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| Cíos, Rátaí agus Seirbhísí | 1,625,042 | 1,636,369 |
| Solas agus Teas, Glantóireacht | 133,745 | 137,213 |
| Deisiúcháin, Cothabháil agus Slándáil | 35,021 | 25,355 |
| | 1,793,808 | 1,798,937 |

## 11. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe ó thaobh Ioncaim Dola | 10,439,521 | 9,117,296 |
| Féichiúnaithe Eile | 293,590 | 218,842 |
| Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe | 8,044,482 | 545,622 |
| | 18,777,593 | 9,881,760 |

Bíonn airgead na bhFéichiúnaithe go léir dlite laistigh de bhliain amháin. Tá foráil maidir le €3.4m de dhrochfhiacha san áireamh sa mhéid a luaitear le Féichúnaithe (€3.9m in 2012)

Is éard atá i gceist leis an €10.4 milliún d'ioncam dola atá infhaighte ag deireadh na bliana ó thaobh Thollán Bhaile Átha Cliath agus eFlow an M50 ná méideanna a íocfaidh na hoibreoirí dola leis an Údarás. Ní áirítear leis táillí dola de €3.4m do eFlow a mheasann an t-oibreoir dola nach féidir iad a bhailiú (€3.9m in 2012).

## 12. Creidiúnaithe agus Fabhruithe

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastail | 335,300 | 305,660 |
| Creidiúnaithe agus Costais Eile | 30,784,684 | 24,731,949 |
| | 31,119,984 | 25,037,609 |

Bíonn an t-airgead go léir atá dlite do chreidiúnaithe iníoctha laistigh de bhliain amháin.

## 13 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

| | Iomlán | Troscán, Daingneáin & Feistis | Trealamh | Talamh | Trealamh Leictreonach | Comharthaí Treo | Trealamh Ilghnéitheach & Sábháilteachta | Ionaid Seirbhíse | Iostaí Cothabhála | Sócmhainní eFlow an M50 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | | | | | |
| Amhail 1 Eanáir 2013 | 140,903,178 | 2,222,067 | 1,532,347 | 7,861,909 | 27,533,406 | 39,139,486 | 909,968 | 47,312,763 | 2,256,128 | 12,135,104 |
| Breiseanna | 28,626,987 | 0 | 143,790 | 511,000 | 1,633,634 | 3,856,183 | 0 | 0 | 22,317,400 | 164,980 |
| Diúscairtí | (192,357) | 0 | (192,357) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Amhail 31 Nollaig 2013 | 169,337,808 | 2,222,067 | 1,483,780 | 8,372,909 | 29,167,040 | 42,995,669 | 909,968 | 47,312,763 | 24,573,528 | 12,300,084 |
| **Dímheas** | | | | | | | | | | |
| Amhail 1 Eanáir 2013 | 24,757,116 | 1,542,936 | 1,358,457 | 0 | 7,178,080 | 5,734,681 | 512,590 | 4,147,716 | 75,204 | 4,207,452 |
| Curtha ar Fáil | 9,287,818 | 225,146 | 118,921 | 0 | 3,023,810 | 2,149,784 | 90,997 | 1,577,092 | 819,118 | 1,282,950 |
| Diúscairtí | (192,357) | 0 | (192,357) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Amhail 31 Nollaig 2013 | 33,852,577 | 1,768,082 | 1,285,021 | 0 | 10,201,890 | 7,884,465 | 603,587 | 5,724,808 | 894,322 | 5,490,402 |
| **Glanluach leabhar amhail 31 Nollaig 2013** | 135,485,231 | 453,985 | 198,759 | 8,372,909 | 18,965,150 | 35,111,204 | 306,381 | 41,587,955 | 23,679,206 | 6,809,682 |
| **Glanluach leabhar amhail 31 Nollaig 2012** | 116,146,062 | 679,131 | 173,890 | 7,861,909 | 20,355,326 | 33,404,805 | 397,378 | 43,165,047 | 2,180,924 | 7,927,652 |

## 14 Cánachas

Forálann Alt 32 den Acht Airgeadais, 1994 go bhfuil díolúine ag an Údarás ó chánachas breise ar a ioncam úis agus a ioncam cíosa de bhreis ar an méid a asbhaintear ag an bhfoinse. Níor eascair aon dliteanas cánach breise sa bhliain.

## 15 Tiomantais

### a) Tiomantais Airgeadais

a. Shínigh an tÚdarás i léas fiche bliain ón 1 Eanáir 1996 i ndáil le cóiríocht ag Teach Naomh Máirtín, Bóthar Waterloo, Baile Átha Cliath 4, faoi réir athbhreithnithe cíosa gach cúig bliana. Is é €1,075,000 an cíos in aghaidh na bliana agus é iníoctha ón 1 Eanáir 2011.

b. Shínigh an tÚdarás léas naoi mbliana agus aon mhí dhéag ón 1 Eanáir 2006 i ndáil le cóiríocht ag Teach Kildress, Bóthar Pheambróg, Baile Átha Cliath 2, faoi réir athbhreithnithe cíosa gach cúig bliana. Is é €211,826 an cíos in aghaidh na bliana agus é iníoctha ón 1 Eanáir 2011.

c. Shínigh an tÚdarás léas fiche bliain ón 1 Márta 2004 le Comhairle Chontae Dhún na nGall i ndáil le cóiríocht d'Oifig Bóithre Náisiúnta Dhún na nGall. Is é €226,648 an cíos in aghaidh na bliana.

d. Shínigh an tÚdarás léas ar feadh tréimhse naoi mbliana agus naoi mí ón 1 Eanáir 2005 le Comhairle Contae Phort Láirge i ndáil le cóiríocht d'Oifig na mBóithre Náisiúnta i bPort Láirge. Is é €47,770 an cíos in aghaidh na bliana. Tá an comhaontú léasa le hathnuachan ar an 30 Meán Fómhair 2014.

Léiríodh i ráitis airgeadais na bliana 2012 tiomantais chun íocaíochtaí seasta a dhéanamh le roinnt comhairlí contae maidir le cíosanna. Níor nochtadh na tiomantais sin i ráitis airgeadais an Údaráis ó 2013 i leith mar nach bhfuil an tÚdarás ina pháirtí i léas nó i dtiomantas conarthach eile.

### b) Réamhghealltanais

Tá athbhreithniú déanta ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoin Chód um Chaiteachas Poiblí (leagan na Samhna 2013) ar na teorainneacha maidir le réamhghealltanais chonarthacha a bhí leagtha síos roimhe sin ag an Roinn Airgeadais. Tá anailís déanta ag an Údarás ar ghealltanais chonarthacha don todhchaí. Is costais réamhaisnéise iad sin atá faoi réir difríochtaí candaim agus uainithe agus is mar seo a leanas atá siad:

| Bliain | Tiomantas € Milliún | D'fhaomh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maoiniú caipitil don Údarás don tréimhse 2014-2016 | Tiomantas mar % den leithdháileadh bliantúil | Ceadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tiomantas mar % den leithdháileadh bliantúil |
|---|---|---|---|---|
| 2014 | 217 | 309 | 70% | 75% |
| 2015 | 182 | 279 | 65% | 60% |
| 2016 | 150 | 277 | 54% | 50% |

Ós rud é gur eisíodh leagan na Samhna 2013 tar éis don chuid ba mhó de na tiomantais, nó iad go léir, a bheith tugtha níorbh fhéidir fanacht laistigh den % a bhí leagtha síos mar sprioc. Tá sé ar chumas an Údaráis bearta áirithe a chur i gcrích agus bainfidh sé leas as na bearta sin chun fanacht laistigh de na spriocanna in 2015 agus in 2016.

### c) Réamhghealltanais Chomhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí

| | Méid Ainmniúil € milliún |
|---|---|
| Seachbhóthar Chathair Phort Láirge ar an N25 | 64.8 |
| Tollán Luimnigh ar an N18 | 47.2 |
| Uasghrádú an M50 | 845.7 |
| An N6 idir Gaillimh agus Béal Átha na Sluaighe | 116.2 |
| An M3 idir Cluain Aodha agus Ceanannas | 337.3 |
| An M7/ an M8 ag Port Laoise | 20.2 |
| Seachbhóthar Thiar Dhún Dealgan ar an M1 | 3.5 |
| An N8 idir Ráth Chormaic agus Mainistir Fhear Maí | 29.2 |
| An M4/an M6 idir Cill Choca agus Cionn Átha Gad | 6.6 |
| An N11 idir an tInbhear Mór agus Ráth Naoi | 452.7 |
| | 1,923.4 |

Is ionann an figiúr €1,923.4m mar iomlán agus luach ainmniúil na réamhghealltanas gan lascaine amhail an 1ú Eanáir 2014 agus glactar leis go mbeidh ráta boilscithe 2% ann in aghaidh na bliana agus ní áirítear leis ceannach thar barr amach an M50 ná íocaíochtaí athraitheacha oibriúcháin.

Bhí foráil in dhá chonradh (An M3 idir Cluain Aodha agus Ceanannas agus Tollán Luimnigh ar an N18) go gcuirfí íocaíochtaí breise ar fáil don oibreoir CPP dá dtitfeadh méid an tráchta faoi bhun leibhéil shonraithe. Tá sonraí na n-íocaíochtaí atá dlite do 2013 san áireamh faoi nóta 18(C).

Ní dhearna an tÚdarás measúnú ar an ráthaíocht maidir le híocaíochtaí i leith tráchta sa todhchaí, ach is dócha go mbeidh siad dlite go ceann i bhfad.

## 16 Comhaltaí an Bhoird - Dearbhú Leasanna

Ghlac Bord an Údaráis le nósanna imeachta de réir alt 40 d'Acht na mBóithre, 1993 i ndáil le nochtadh leasanna Chomhaltaí an Bhoird agus na ndaoine a n-ainmníonn siad, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana. Ní raibh aon idirbhearta sa bhliain i ndáil le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh aon leas tairbhiúil ag aon Chomhalta Boird nó ag a n-ainmnithigh.

## 17 Caiteachas

### a) Tógáil agus Feabhsú Bóithre

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla - Bóithre Náisiúnta | 203,818,203 | 455,266,841 |
| Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla - Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla | 315,026,025 | 279,931,861 |
| Íocaíochtaí Eile | 42,568,894 | 40,829,879 |
| | 561,413,122 | 776,028,581 |

### b) Cothabháil agus Bainistiú Bóithre

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla - Bóithre Náisiúnta | 28,860,695 | 35,090,622 |
| Íocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla - Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla | 80,862,777 | 94,769,100 |
| Íocaíochtaí Eile | 19,618,836 | 8,974,167 |
| | 129,342,308 | 138,833,889 |

## 18 Comhpháirtíocht Phoiblí-Phríobháideach agus Dolaí

| | | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|---|
| Costais Choimhdeacha | a) | 8,714,499 | 8,897,342 |
| Íocaíochtaí Tógála do Chomhpháirtíochtaí Poiblí-Príobháideacha | b) | 412,791 | 46,319,073 |
| Íocaíochtaí Oibriúcháin do Chomhpháirtíochtaí Poiblí- Príobháideacha | c) | 94,859,529 | 93,764,731 |
| Ceannach an M50 thar barr amach | d) | 51,543,442 | 50,296,814 |
| Oibríocht Tollán agus Dola an Údaráis | e) | 35,486,420 | 43,430,634 |
| | | 191,016,681 | 242,708,594 |

**a) Costais Choimhdeacha**

Baineann na costais choimhdeacha a tabhaíodh le pleanáil agus maoirseacht scéimeanna, le seirbhísí comhairleacha airgeadais, dlíthiúla agus teicniúla, le seirbhísí idir-inoibritheacha dolaí, le fógraí reachtúla agus le margaíocht.

**b) Íocaíochtaí i leith Tógáil Scéimeanna Comhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Uasghrádú an M50 | 412,791 | 525,198 |
| An N6 idir Gaillimh agus Béal Átha na Sluaighe | 0 | 45,750,000 |
| An M3 idir Cluain Aodha agus Ceanannas | 0 | 43,875 |
| | 412,791 | 46,319,073 |

*Uasghrádú an M50*

Dámhadh an conradh CPP maidir le hUasghrádú an M50 i Meán Fómhair 2007 ar chuibhreannas ICON a bhunaigh M50 Concession Limited.

Is éard a bhí i gceist leis an gConradh CPP chun uasghrádú a dhéanamh ar an M50 ná leathnú a dhéanamh ar 24 km den M50 ar an taobh ó dheas d'acomhal Thurnapain an M1 agus an M50 go dtí acomhal an N3 agus ó dheas d'acomhal Bhaile an Mhóta chuig acomhal Áth an Ghainimh, mar aon le huasghrádú na n-acomhal ar feadh na gcodanna sin den mhótarbhealach. Dámhadh Conradh CPP maidir le hUasghrádú an M50 ar an 27ú lá de Mheán Fómhair 2007 agus tréimhse chonartha 35 bliain i gceist leis. Osclaíodh codanna uasghrádaithe an M50 go hoifigiúil i Meán Fómhair 2010.

Chomh maith leis an gconradh CPP chun an M50 a Uasghrádú, dámhadh conarthaí ar leith chun beagnach 8 km de charrbhealach príomhlíne idir an N4 (Acomhal 7) agus Baile an Mhóta (Acomhal 10) a leathnú agus chun acomhail an N4, an N7 agus Bhaile an Mhóta a uasghrádú chomh maith le 1.3 km de mhótarbhealach ó dheas d'acomhal an N3 a leathnú. Cuireadh na hoibreacha sin ar fad i gcrích in 2008. Cuireadh córas dola i bhfeidhm ar an M50 idir Acomhail 6 agus Acomhail 7 trí bhíthin conartha faoi leith a rinne an tÚdarás le soláthraí seirbhíse dola.

*An N6 idir Gaillimh agus Béal Átha na Sluaighe*

Dámhadh an conradh CPP maidir leis an N6 idir Gaillimh agus Béal Átha na Sluaighe ar chuibhreannas N6 (Concessions) Limited ar an 4 Aibreán 2007. Tá tréimhse lamháltais 30 bliain mar chuid den chonradh. Bhí sé i gceist sa scéim go dtógfaí thart ar 56 km de charrbhealach dúbailte nua, 7 km de bhóthar ceangail chuig seachbhóthar Bhaile Locha Riach, 32 km de thaobh-bhóithre agus cúig acomhal ilairde. Síneann an scéim ó Dhabhach Uisce, ar an taobh thoir de Chathair na Gaillimhe go dtí an N6 atá ar an taobh thoir de Bhéal Átha na Sluaighe i gContae Ros Comáin. Bailítear dolaí ar an scéim seo idir acomhal 15 agus acomhal 16 agus osclaíodh na bóithre don trácht i mí na Nollag 2009.

*An M3 idir Cluain Aodha agus Ceanannas*

Dámhadh conradh CPP an M3 idir Cluain Aodha agus Ceanannas ar an gcuibhreannas EuroLink. Dámhadh an conradh ar an 7 Márta 2007. Mairfidh sé ar feadh 45 bliain agus céim na tógála san áireamh.

Bhí sé i gceist sa scéim go dtógfaí seachbhóithre Dhún Búinne, Dhún Seachlainn, na hUaimhe, Cheanannais agus Charn na Ros agus go dtógfaí acomhal ilairde ag an mBealach, Dún Seachlainn, Baile Bhluindín, Cill an Chairn, Bóthar Bhaile Átha Buí agus Ceanannas chun thart ar 47 km de mhótarbhealach a bhí le déanamh a nascadh le bóithre coimhdeacha laistigh den líonra bóithre a bhí ann cheana féin. Áiríodh sa scéim iomlán freisin 10 km de charrbhealach dúbailte nua an N3 a thógáil ó Cheanannas go Tuaisceart Charn na Ros agus 4 km de Sheachbhóthar Cheanannais an N52.

Tógadh 4 km breise de charrbhealach dúbailte Náisiúnta dara grád de Chineál 1 agus 40 km san iomlán de Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Chomh maith leis sin b'éigean níos mó ná 100 struchtúr eile a thógáil lena n-áirítear 62 dhroichead agus lintéar éagsúla agus ballaí coinneála. Bailítear dolaí ar an scéim seo idir acomhal 5 agus acomhal 6 agus idir acomhail 9 agus acomhal 10 agus osclaíodh na bealaí don trácht í i mí an Mheithimh 2010.

**c) Íocaíochtaí maidir le hOibríocht Scéime Comhpháirtíochta Poiblí- Príobháidí**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Seachbhóthar Chathair Phort Láirge ar an N25 | 7,907,880 | 9,564,454 |
| Tollán Luimnigh ar an N18 | 11,213,467 | 11,250,203 |
| Uasghrádú an M50 | 24,226,452 | 20,742,988 |
| An N6 idir Gaillimh agus Béal Átha na Sluaighe | 20,192,852 | 9,858,289 |
| An M3 idir Cluain Aodha agus Ceanannas | 18,609,714 | 29,414,393 |
| An M7 agus an M8 ag Port Laoise | 6,068,031 | 6,629,770 |
| Seachbhóthar Thiar Dhún Dealgan ar an M1 | 702,555 | 183,617 |
| An N8 idir Ráth Chormaic agus Mainistir Fhear Maí | 5,622,853 | 5,691,621 |
| An M4/an M6 idir Chill Choca agus Cionn Átha Gad | 315,725 | 429,396 |
| | 94,859,529 | 93,764,731 |

*Seachbhóthar Chathair Phort Láirge ar an N25*

Dámhadh conradh CPP maidir le Seachbhóthar Chathair Phort Láirge ar an N25 a thógáil ar an gcuibhreannas Celtic Roads Group (Waterford) Ltd ar an 21 Aibreán 2006. Tá tréimhse lamháltais 30 bliain mar chuid den chonradh. San áireamh sa scéim tá seachbhóthar an N25 a thógáil ó Chill Mhíodáin i gContae Phort Láirge go Sliabh Rua i gContae Chill Chainnigh. Síneann an bealach thar Abhainn na Siúire ag an nGrannach sa chaoi go bhfuil an dara droichead mór ag Port Láirge thar abhann na Siúire anois agus gur féidir le trácht an N25 idir Corcaigh agus Ros Láir gabháil thar an gcathair. Mar chuid den scéim sin b'éigean thart ar 23 km de dhébhealach a thógáil mar aon le droichead thar Abhainn na Siúire atá thart ar 475m ar fhad mar aon le 4 km de charrbhealach singil. San áireamh sa chonradh freisin bhí tógáil 11 km breise de thaobh-bhóithre agus de bhealaí ceangail agus ath-ailíniú 2 km d'iarnróid caol (seachas obair ar ráillí) sa limistéar ina bhfuil an t-acomhal le nasc an iarthair. Bailítear dolaí mar chuid den scéim seo agus osclaíodh an córas do thrácht i mí Dheireadh Fómhair 2009.

*Tollán Luimnigh ar an N18*

Dámhadh conradh CPP Tollán Luimnigh ar chuibhreannas an Direct Route (Limerick) ar bhonn lamháltais 35 bliain ar an 18 Lúnasa 2006.

Bhí tógáil thart ar 10 km de dhébhealach nua chomh maith le nascbhóithre agus taobh-bhóithre gaolmhara i gceist le Scéim CPP Thollán Luimnigh. Teann an trácht trí thollán feadáin tumtha atá thart ar 0.9 km ar fhad faoi Abhainn na Sionainne agus a nascann baile fearainn Uí Chuanach ar bhruach thuaidh na Sionainne le baile fearainn Bhun Leice ar an mbruach theas. Bailítear dolaí idir acomhal 2 agus acomhal 4 ar an mbealach seo agus osclaíodh é don trácht i mí Iúil 2010.

*An M7/an M8 ag Port Laoise*

Dámhadh conradh CPP an M7/an M8 ag Port Laoise ar chuibhreannas an Celtic Roads Group (Portlaoise). Dámhadh an conradh ar an 14 Meitheamh 2007 agus tá tréimhse lamháltais 30 bliain i gceist leis. Bhí tógáil 41 km de mhótarbhealach i gceist sa togra seo agus gearrtar dolaí air. Tógadh seachbhóithre thar Mhainistir Laoise, Darú, An Chúlchoill, Maighean Rátha, Baile an Chaisleáin agus Buiríos Mór Osraí. Tá acomhal ilairde ag Port Laoise, Buiríos Mór Osraí agus Ráth Domhnaigh chomh maith le hacomhal idir dhá mhótarbhealach ag Achadh Bhó. Tógadh 3 km de bhóthar ceangail réigiúnach nua ón mótarbhealach siar go Buiríos Mór Osraí freisin. Tógadh thart ar 15 km de thaobh-bhóithre, 41 droichead bóthar, 5 dhroichead iarnróid agus trasnaíodh 8 n-abhann lena n-áirítear an Abhainn na Feoire atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de agus cruthaíodh níos mó ná 120 lintéar agus bealaí d'ainmhithe. Bailítear dolaí mar chuid den scéim agus osclaíodh do thrácht í i mí na Bealtaine 2010.

*Seach-chonair Thiar Dhún Dealgan ar an M1*

Dámhadh an conradh CPP chun Seach-chonair Thiar Dhún Dealgan a thógáil ar an M1 ar chuibhreannas Celtic Roads Group (Dundalk) Ltd ar an 5 Feabhra 2004. Tá tréimhse lamháltais 30 bliain mar chuid den chonradh. Is éard a bhí i gceist sa scéim ná tógáil, oibriú agus cothabháil stráice 11 km de bhóthar atá ina gcuid de phríomhbhóthar náisiúnta an N1 agus an M1 in aice le baile Dhún Dealgan, Co. Lú, mar aon le tuairim is 8 km de thaobh-bhóithre agus bóithre ceangail.

Críochnaíodh na hoibreacha tógála in 2005. Áirítear leis an tionscadal freisin oibriú agus cothabháil thart faoi 42 km de mhótarbhealach atá ann cheana féin, .i. Seachbhóthar Dhún Léire agus an Mótarbhealach idir Dún Léire agus Dún Dealgan chomh maith le hoibriú agus cothabháil na n-áiseanna dola idir acomhal 7 agus 10 ar scéim an M1 idir Baile Mhic Gormáin agus Mainistir Bhuithe.

*An N8 idir Ráth Chormaic agus Mainistir Fhear Maí*

Dámhadh conradh an N8 idir Ráth Chormaic agus Mainistir Fhear Maí ar an gcuibhreannas Direct Route (Fermoy) Ltd ina bhfuil Kellogg Brown & Root Ltd., Strabag AG, John Sisk & Son (Holdings) Ltd., Lagan Holdings Ltd., Roadbridge Ltd. agus an First Irish Infrastructure Fund (Comhchiste de chuid Bainc-Aontas Éireann agus an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta a bunaíodh chun infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail CPP agus i bhforbairtí bonneagair na hearnála príobháidí in Éirinn agus ar fud na hEorpa). Dámhadh an conradh ar an 11 Meitheamh 2004 agus tá tréimhse lamháltais 30 bliain i gceist leis. Áirítear ar oibleagáidí conartha an chuibhreannais dearadh, tógáil, cothabháil, oibriú, ath-infheistiú agus maoiniú na scéime. Gearrtar dolaí idir acomhail 14 agus acomhail 17 agus osclaíodh an córas do thrácht i nDeireadh Fómhair 2006.

*An M4/an M6 idir Chill Choca agus Cionn Átha Gad*

Dámhadh conradh an M4 / M6 idir Chill Choca agus Cionn Átha Gad ar EuroLink ar an 24 Márta 2003. Cuimsíonn an cuibhreannas EuroLink SIAC Construction Limited agus CINTRA - Concesiones de Infraestrucutras de Transporte, S. A. Tá tréimhse lamháltais 30 bliain mar chuid den chonradh. Bhí sé i gceist sa scéim go dtógfaí 39 km de mhótarbhealach, lena n-áirítear 19 dtardhroichead, 7 n-íosdhroichead agus 3 íosbhealach. Bailítear dolaí sa scéim idir acomhail 8 agus acomhal 10, agus osclaíodh an córas do thrácht i mí na Nollag 2005.

**Ráthaíocht Tráchta:** Faoi théarmaí conarthaí Comhpháirtíochta Poiblí-Príobháidí, fabhraíonn an tÚdarás sciar den ioncam má bhíonn an leibhéal tráchta nó díolacháin níos airde ná tairseacha sonraithe. Ina theannta sin, i gcás an M3 idir Cluain Aodha agus Ceanannas agus i gcás Thollán Luimnigh, tá socrú ráthaíochta um íocaíocht tráchta ann trína mbíonn ar an Údarás íocaíochtaí a dhéanamh má thiteann an leibhéal tráchta faoi bhun leibhéil áirithe. Ba iad €2,659,802 na híocaíochtaí um ráthú tráchta a bhí dlite in 2013 i gcás an M3 idir Cluain Aodha agus Ceanannas (2012: €2,492,733) agus €5,204,761 (2012: €4,971,435) i gcás Thollán Luimnigh an N18 agus tá siad curtha de mhuirear ar na cuntais agus tá siad san áireamh sna figiúirí thuas.

**d) Ceannach an M50 thar barr amach**

Is ionann na híocaíochtaí maidir le ceannach an M50 thar barr amach agus an €51,254,832 atá dlite faoi chomhaontú foirceannta Nasc an Iarthair (2012: €50,241,312) agus íocaíocht €288,610 mar Cháin Bhreis Luacha leis na Coimisinéirí Ioncaim ar an tsuim a ndearnadh socrú faoi sa chonradh foirceannta (2012: €55,502).

**e) Oibríocht Tollán agus Bailiú Dolaí an Údaráis**

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| Tollán Baile Átha Cliath | 12,095,730 | 15,131,514 |
| eFlow an M50 | 22,863,120 | 28,216,815 |
| Tollán Sheáin Uí Loinsigh | 527,570 | 82,305 |
| | 35,486,420 | 43,430,634 |

Baineann na costais sin le costais oibriúcháin, costais bhailithe dolaí agus táillí údaráis áitiúil ó thaobh Thollán Bhaile Átha Cliath; costais bhailithe dolaí agus rátaí údaráis áitiúil ar eFlow an M50 agus costais oibríochtúla Thollán Sheáin Uí Loinsigh.

San áireamh i muirear €22.9m na bliana 2013 maidir le eFlow an M50 tá tionchar aisíoc €5m maidir le rátaí atá dlite ó dhá údarás áitiúla i leith rátaí a íocadh in 2013 agus sna blianta roimhe sin. D'eascair an aisíocaíocht rátaí ó rialú na Cúirte Uachtaraí de thoradh caingne a thionscain tríú páirtí nach raibh baint aige leis an Údarás.

**19 Cumasc**

Forálann Bille na mBóithre 2014 do dhíscaoileadh na Gníomhaireachta um Fháil Iarnród agus aistriú a cuid feidhmeanna agus pearsanra chuig an Údarás um Bóithre Náisiúnta. Glacann an Bord leis go leanfaidh siad ar aghaidh ag cur i gcrích na ngníomhaíochtaí go léir atá ann cheana féin. Ó tá an scéal amhlaidh, ní mheasann an bord gur gá aon choigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais chun aon athstruchtúrú a d'fhéadfaí a dhéanamh a chur san áireamh agus dá bhrí sin d'ullmhaigh siad ag na ráitis airgeadais seo ar bhonn gnóthais leantaigh.

**20 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais**

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais seo ar an 25 Meán Fómhair 2014.

# Baill den Bhord 2013

Cormac O'Rourke
(Cathaoirleach)

Fred Barry
(Príomhfheidhmeannach)

Declan J. Walsh

Robert Rowan

Jacqueline Cross

Gary Comiskey

Joe O'Mahony

Senan Turnbull

Sandra Murphy

David O'Connor

Aidan Horan (An Coiste Iniúchta Neamhspleách Cathaoirleach)